



Title	Athfhéachaint ar bhailiúchán lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh
Authors(s)	Ní Úrdail, Meidhbhín
Publication date	2019-09-20
Publication information	Ní Úrdail, Meidhbhín. "Athfhéachaint ar bhailiúchán lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh." National University of Ireland, September 20, 2019.
Publisher	National University of Ireland
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/11419

Downloaded 2026-04-30 07:26:09

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)



© Some rights reserved. For more information

ATHFHÉACHAINT AR BHAILIÚCHÁN LÁMHSCRÍBHINNÍ AN FHEIRITÉARAIGH*

I measc na lámhscríbhinní Gaeilge atá ar buanchoimeád i Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, tá naoi gcinn déag ar fhichid in aon bhailiúchán amháin ar a dtugtar Bailiúchán an Fheiritéaraigh. I gcuimhne ar an únaeir bunaidh, Pádraig Feiritéar (1856–1924) ón mBaile Uachtarach i gCorca Dhuibhne, atá an bailiúchán seo ainmnithe, scoláire Gaeilge agus gníomhaí láir i gConradh na Talún ina cheantar dúchais idir na blianta 1885 agus 1891.¹ Ó fhianaise a chuid lámhscríbhinní, d’fhógair sé go raibh sé ‘ag fágaint’ Chorca Dhuibhne ar 5 Eanáir, 1895, agus i dtreo dheireadh na míosa céanna chuaigh sé an cuan amach go Meiriceá ar bord an *Cephalonia*, stéiméir a thóg comhlacht an *Cunard* in ochtóidí groda an naoú céad déag chun imircigh a iompar go Boston ó Learpholl agus ó Chóbh Chorcaí (*Queenstown* san am úd, dar ndóigh).² Fé 9 Márta, 1895, bhí Massachusetts bainte amach aige agus é lonnaithe i gcathair Quincy.³ Is eol ó cholafain agus ó nótaí éagsúla a ghabhann lena chuid oibre i Meiriceá ina dhiaidh sin go raibh sé lonnaithe i Chelsea anuas go dtí 1902.⁴ Bhí sé lonnaithe i Nua Eabhrac fén mbliain 1904 agus de réir dhaonáireamh an stáit úd don mbliain 1905 bhí sé ina lóistéir i Manhattan ag ‘Charles O Farrell’, Éireannach, 45 bliain d’aois.⁵ I gcathair Nua Eabhrac a chaith sé formhór a shaoil go dtí 1923. Ón uair go raibh teipthe ar an tsláinte aige le bliain fén am san, thug mac dearthár leis, Mícheál Feiritéar, a uncail go dtí a áit chónaithe, Chicago. Is ansan a cailleadh Pádraig ar 21 Iúil, 1924. Cuireadh dhá lá ina dhiaidh sin i reilg Mount Carmel é, agus *Proof Reading Printing* a luadh mar shlí bheatha leis ar a theastas báis.⁶

Tá trí leathanach leitreach clóscríofa dar dáta 12 Lúnasa, 1924, a cuireadh i dteannta lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh nuair a bhíodas á seoladh ó Nua Eabhrac trasna an Atlantaigh go hÉirinn. Seiceadóir an Fheiritéaraigh féin, Mícheál Ó

* Táim thar a bheith buíoch de Evelyn Flanagan agus de Eugene Roche, Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, as a gcúnamh agus lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh á n-íniúchadh agam. Táim an-bhuíoch den Dr Roibeárd Ó hÚrdail as pointí áirithe a phlé liom, agus, táim buíoch den mbeirt phiarléitheoirí as mionleasuithe ar dhréacht na haiste seo a mholadh.

¹ Mar le scéal a bheatha, feic Seán Ó Sé, ‘Pádraig Feiritéar (1856–1924): a shaoil agus a shaothar’ *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 3 (1970) 116–30; Séamus Ó Diollúin, ‘Pádraig Feiritéar i gcleite is i gcló’ (tráchtas neamhfhoilsithe PhD, Coláiste Mhuire gan Smál Luimneach 2008). Cuireadh blúiríochas beathaisnéise ar fáil roimhe sin: (i) sa chuntas iarbháis ‘Patrick Ferriter, Gaelic scholar loss to Ireland’ san *Gaelic American* (9 Lúnasa 1924); (ii) An Craoibhín, ‘Pádraig Ferritéar’ *An Reult* (Meitheamh 1925) 17–23; (iii) sa réamhrá a chuir Eibhlín Ní Ógáin lena clár lámhscríofa ar Bhailiúchán an Fheiritéaraigh (sonraí i n. 11 thíos).

² ‘5.1.1895. Dia Satharain. Fógadh gu rabhas ag fágaint. 19.1.1895. In Daingan 26.1.1895. Air theacht doish [= do] go tigh [an chuid eile bán]’ (Feiritéar 16, lch 50). Ar 6 Feabhra 1896, chóipeáil sé *An Mairnéalach Loinge* ‘ó an sgríobh a thógas síos Diei h-Aoine an 1.3.1895 air bhórd an Cephalaria ó bhél-rádh Uí Shéghdhaó’ (Feiritéar 1, lch 486). Mar leis an *Cephalonia* a thóg an comhlacht stéiméara *Cunard* i dteannta an *Pavonia* agus an *Catalonia* chun freastal ar an turas trasatlantach go Boston, feic W.H. Bunting, *Portrait of a port: Boston, 1852–1914* (Harvard 1971) 402.

³ ‘30 Bryant Ave. West Quincy, Mass. Dia Satharain 9.3.1895. P. Ferritéar’ (Feiritéar 1, lch 121).

⁴ Samplaí luaite in uimhir 1 san Aguisín thíos.

⁵ ‘May 2nd. 1904 New York’ (Feiritéar 18, lch 18); *New York State census records for Manhattan Borough and Bronx, 1905* ag <https://familysearch.org/ark:/61903/1:1:SPFD-3T7> (ceadaithe 5.10.2017).

⁶ *Illinois, deaths and stillbirths index, 1916–1947* ag <https://familysearch.org/ark:/61903/1:1:N3WY-CNQ> (ceadaithe 10.11.2016).

Raghallaigh, *alias* Michael O'Reilly, '770 East 179 Street, New York', údar na leitreach seo inar bhreac sé amach ordaithe deiridh an té a cailleadh dá sheanchara, An Craoibhín Aoibhinn, *alias* Dubhghlas de hÍde / Douglas Hyde (1860–1949).⁷ Míníonn sé i dtús a chuntais cad 'na thaobh go raibh na lámhscríbhinní seo le fillleadh ar Éirinn thar n-ais:

A dhuine Uaisil [*sic*]:

Dia agus Muire agus Pádraig duit, a Chraoibhín Aoibhin[n]:

I hope you are enjoying good health, no doubt you feel relieved because the dawn of the Irish language has broken through the darkness.

You will be sorry to hear of the death of Patrick Ferriter who passed away on July 21 after a long illness at the house of his nephew, Michael Ferriter, 1821 Humboldt Blvd., Chicago.

Patrick had a wonderful grasp of the Irish language and of Irish literature, tradition, folk lore and history. I never met anybody whose store of Irish knowledge was so varied, exhaustive and thorough. Like the villagers of Goldsmith's schoolmaster, his acquaintances wondered how one head could carry all he knew.

He has left quite a pile of manuscripts which he has bequeathed to the National University as a token of his appreciation for making Irish compulsory for matriculation.⁸

Téann bunús a bhfuil sa chuid dheiridh anseo siar cúig éigin bliana déag roimhe sin nuair a chuir an Craoibhín rún fé bhráid Sheanad na hOllscoile á mholadh go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar éigeantach sa Mháithreánach. Ghlac an Seanad leis seo, agus ó 1913 ar aghaidh bronnadh an stádas éigeantach ar an nGaeilge a loirg an Craoibhín i gcéad uair.⁹ Toradh fóna ab ea fillleadh Bhailiúchán an Fheiritéaraigh, mar sin, nár cheart gur bheag linn é.¹⁰

Níor chomhartha buíochais agus ómóis as an gcinneadh úd amháin ag Pádraig Feiritéar é, áfach. Bhí cúis eile fós aige a d'áirigh Mícheál Ó Raghallaigh níos faide síos ina leidir, mar atá, ardmheas fhear Chorca Dhuibhne ar an gCraoibhín mar dhuine agus ar a raibh curtha i gcrích go dtí san aige ar son Léann na Gaeilge. Ba chuige sin ar fad a bhí sé, más ea, nuair a d'fhág sé a lámhscríbhinní ag Ollamh le Teanga agus le Litríocht na Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann le tabhairt do Choláiste Bhaile Átha Cliath. Ar fhilleadh go hÉirinn dóibh i bhFómhar na bliana 1924, luigh Eibhlín Ní Ógáin amach ar na lámhscríbhinní a chlárú fé stiúir an Chraoibhín.¹¹ Ní heol cá fada a thóg an obair seo ach bhí sí fós ar siúl i Meitheamh na bliana 1925 — fé mar is léir ó thagairt i gcuntas iarbháis ar an bhFeiritéarach a d'fhoilsigh an Craoibhín in *An Reult* ag an am.¹² Cúig bliana ina dhiaidh sin, áfach, bhí sé le maíomh aige go raibh

⁷ Cf. 'Ba é mo shean-chara Mícheál Ó Raghallaigh i Nuadh-Eabhrac a sheiceadúir' (An Craoibhín, 'Pádraig Ferritéar', 22).

⁸ Tá an litir féin sleamhnaithe isteach i gcéad imleabhar chlár lámhscríofa na lámhscríbhinní (sonraí i n. 11 thíos).

⁹ Adrian Kelly, *Compulsory Irish: language and education in Ireland 1870s–1970s* (Dublin 2002) 74.

¹⁰ Breandán Ó Buachalla, 'Lámhscríbhinn a d'fhill' *Feasta* 17 (Nollaig 1967) 6–8: 8.

¹¹ Eibhlín Ní Ógáin 'The Ferriter manuscripts described and catalogued by Eibhlín Ní Ógáin' (gan dáta), 16 imleabhar, réamhrá, innéacs céadlínite agus innéacs údar ina measc, atá ar coimeád inniu i dteannta chnósach lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh i Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

¹² An Craoibhín, 'Pádraig Ferritéar', 23.

an clár déanta ag ‘[a] chara Eibhlín Ní Ógáin’ agus go raibh na lámhscríbhinní ‘go léir san gcoláiste anois’.¹³

Is follas ó ábhar an bhailiúcháin gur thug an Feiritéarach leis ó Éirinn a raibh ina sheilbh cheana féin aige agus gur chuir sé leis an méid sin thall, ag leanúint air de bheith ag breacadh lámhscríbhinní agus ag bailiú breis eile fós ó imircigh éagsúla a thug lámhscríbhinní leo go dtí an Domhan Nua. Is í a chuid oibre féin atá in aon fhoinse amháin is fiche acu seo a chuir sé i gcrích sna blianta 1889–1923.¹⁴ Fuair sé cuid dar bhreac sé ó fhaisnéiseoirí Gaeilge in Éirinn agus i Meiriceá, cuid eile ó lámhscríbhinní agus cuid eile fós ó fhoinsí a bhí i gcló cheana féin, ina measc téacsáí ó na nuachtáin *An Gaodhal*, an *Irish American* agus an *Irish Echo* (nó an ‘Mac-Alla Éireannach’ fé mar a thugadh sé féin air), chomh maith le hábhar as na hirísí léannta *Ériu*, *Gadelica*, *Reliquiae Celticae*, *Revue Celtique* agus *Zeitschrift für Celtische Philologie*.

Théadh sé, leis, ar thóir fhoinsí in institiúidí poiblí chun cóipeála. Sa chlár ar an trí lámhscríbhinn Ghaeilge sa Boston Athenaeum (BA) a foilsíodh tamall ó shin, mar shampla, luadh fianaise a thaispeáin nach foláir nó chaith an Feiritéarach tréimhsí ama idir 1895 agus 1918 ag iniúchadh LSS BA 1 agus BA 2 agus áitíodh gurbh ó LS BA 3 (1832–39) le Tadhg Mac Cártha (*fl.* 1821–39) a chóipeáil sé filíocht aiceanta ó Chúige Mumhan atá anois i Feiritéar 2.¹⁵ Tá breis fianaise i lámhscríbhinní eile i mBailiúchán an Fheiritéaraigh a thacaíonn leis an méid sin. Is léir ó Feiritéar 9 gurbh in Eanáir na bliana 1899 a chóipeáil ár bPádraig an fhilíocht aiceanta agus an t-ábhar fiannaíochta ó LS BA 1 a bhreac Mícheál Ó Riagáin (*fl.* 1816) ón Leacain mBán, Co. Chorcaí, 1816.¹⁶ Ó Earrach go Fómhar na bliana 1898, chóipeáil sé a thuilleadh fós

¹³ An Craoibhín, ‘An Roimh-rádh’ *Lia Fáil* 3 (1930) 126–7: 126.

¹⁴ Tá lámhscríbhinní eile, leis, ó lámh an Fheiritéaraigh nach bhfuil i gcnósach UCD. Tá, mar shampla, LS 45 i mbailiúchán Dhubhghlais de hÍde atá inniu i Leabharlann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, díolaim shubstaintiúil filíochta ó Chúige Mumhan, 1813, a scríobh sé amach ‘as leabhar Uilliam Uí Ógáin noch atá agam anois ar iasacht ó Anna Ní Shúil[leabháin [luaite ag n. 38 thíos], bean an Chaptaein Tomás mac Dáibhidh du Norraidh [n. 39 thíos]’ (lch 109). Fairis sin, tá cóip an Fheiritéaraigh, 1892–93, de roinnt dánta leis an bhfile Seán Ó Braonáin (c.1784–c.1843) ó thuaisceart Chiarraí a bhain sé as lámhscríbhinn a bhí i seilbh an Athar Donncha Ó Donnchadha, sagart paróiste Ard Fhearta (1867–1901), agus atá inniu i Leabharlann an Daingin; feic Pádraig de Brún, *Lámhscríbhinní Gaeilge: treoirliosta* (Baile Átha Cliath 1988) 17 §50; cf. Pádraig de Brún, *Filíocht Sheáin Uí Bhraonáin* (Baile Átha Cliath 1972) 9 n. 1, 61, agus Pádraig de Brún, ‘Appendix’, *Journal of the Kerry Historical and Archaeological Society* 5 (1972) 27–30: 27. Agus, tá dhá lámhscríbhinn eile fós i seilbh phríobháideach Bhreandáin Feiritéar, An Cheathrú Rua. Cóip (1921–22) de *Veterum epistolarum Hibernicarum sylloge* (1632) leis an Ardeaspag James Ussher atá sa chéad cheann acu seo. I gcolafan i ndeireadh na lámhscríbhinne (lch 219), tugann sé ‘Cothrige Ferritéar’ air féin, á rá gurbh é eagrán C.R. Elrington *The whole works of the most Rev. James Ussher, D.D.* IV (Dublin 1847) a bhí mar fhoinse aige don gcuid is mó ‘i d-taobh feabhais [a] ghab[h]ála’, ach gurbh ó eagrán a foilsíodh i bPáras in 1665 a chóipeáil sé tosach an tsaothair Laidine seo Ussher. Sleachta as téacsáí próis Sean-Ghaeilge is ábhar don dara lámhscríbhinn (1921–23) agus foinsí cloíte a bhí mar eiseamláirí arís ag an bhFeiritéarach, i.e. *Transactions of the Ossianic Society* 2 (1855), Kuno Meyer, *The voyage of Bran son of Febal I–II* (London 1895, 1897) agus Whitley Stokes, ‘The second Battle of Moytura’ *Revue Celtique* 12 (1891) 52–130, 306–8.

¹⁵ Cornelius G. Buttimer, ‘A catalogue of Irish manuscripts in the Boston Athenaeum’ in *Folia Gadelica. Essays presented to R.A. Breatnach*, eag. Pádraig de Brún, Seán Ó Coileáin, Pádraig Ó Riain (Cork 1983) 105–23: 109, 111, 115; feic uimhir 2 san Aguisín thíos.

¹⁶ Feiritéar 9, lgh 157–92, a chríochnaigh sé ‘Dei Céadaoin an 15.1.1899 in uimhir 524 Washington Ave. Chelsea. Mass. U.S.A.’ (lch 192); mar le Ó Riagáin, feic Breandán Ó Conchúir, *Scríobhathie Chorcaí 1700–1850* (Baile Átha Cliath 1982) 174.

téacsáí ó LS BA 2 a scríobh Séamas Muilsineach (*fl.* 1818–25) i gCorcaigh, 1820–25, téacsáí atá anois i Feiritéar 3 agus Feiritéar 9.¹⁷ Chóipeáil sé cuid d’fhillíocht aiceanta na Mumhan i LS BA 3 ó láimh Thaidhg Mhic Cártha thuasluaite sa bhliain 1896, agus bhreac sé tuilleadh filíochta ó Chúige Mumhan aisti seo arís i bhFómhar na bliana 1918 — ábhar atá i Feiritéar 9 agus Feiritéar 13, fá seach.¹⁸ Bliain ina dhiaidh sin, tháinig chuige tré iarracht ‘[a] charad eadhón Chathail Uí Fhearghail ó Brookh[il]yn’, cóip den *Chronicum Scotorum* i lámhscríbhinn mheamraim a bhí ‘anois’ (10 Lúnasa 1919) i seilbh an *American Irish Historical Society*.¹⁹ Chuir sé sin ar chumas an Fheiritéaraigh gearrchuntas ar an lámhscríbhinn seo a chur le chéile i Lúnasa na bliana 1919 agus d’fhill sé arís uirthi chun sleachta aisti a chóipeáil as san ar aghaidh go dtí Meán Fómhair na bliana 1922.²⁰

I measc na bhfoinsí eile i mBailiúchán an Fheiritéaraigh ó láimh an fhir féin, ní miste uimhir 14 a lua. Dánta leis an gCorcaíoch Eoghan Ó Caoimh (1656–1726) atá sna seacht leathanaigh thosaigh i dteannta aon dán amháin an duine lena mhac Art (1687–1709) agus lena dhilchara, Uilliam ‘an Dúna’ Mac Cairteáin (†1724), ceann na cúirte éigse sa Bhlarain, Co. Chorcaí. Chóipeáil an Feiritéarach an t-ábhar seo ar fad i dtús na Samhna 1916 agus, fé mar is léir ón gcolafán a ghabhann lena chuid oibre, bhí mar eiseamláir aige aiste a chuir Torna i gcló in *Gadelica*.²¹ *An Bheatha Dhiaga* atá i bhfarasbarr uimhir 14 a chóipeáil sé i Nua Eabhrac sa tréimhse 1917–19. Luann sé i dtrí áit gur ‘aithscríobh’ cóipe eile dá chuid ón mbliain 1915 an téacs seo aige, cóip a bhí féin ag tarrac ar ‘aithscríobh Conconnacht Maic Aodha na bliad[h]na 1736,

¹⁷ *Ceisneamh Inghine Guil* agus tús aislinge (*A chéibhfhionn bheag bhéaltana bhaoth*) le Seán Clárach Mac Domhnaill i LS BA 2, lgh [182]–204 = Feiritéar 3, lgh 1–30, a chríochnaigh sé ‘27.3.1898’ (lch 30); an chuid eile dá bhfuil i LS BA 2 (laoithe fiannaíochta agus filíocht ó Chúige Mumhan) = Feiritéar 9, lgh 62–152, agus dátaí éagsúla idir ‘diei Domhanaig an 3.4.1898.’ (lch 69) agus ‘25.9.1898.’ (lch 152) luaite leis an obair seo. Mar le Séamas Muilsineach, feic Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 30.

¹⁸ LS BA 3, lgh 266m–290 = Feiritéar 9, lgh 1–55, a chuir sé i gcrích ‘diei Satharain an 12.12.1896 in Athenaeum Bostúin’ (lch 55); LS BA 3 lgh 147–51, 160m–161, 403m–405 = Feiritéar 13, lgh 12, 16–18, 22, a chríochnaigh sé ‘20.10.1918. As lámh-chraebh Thaidhg an tarta Mac Cárthaigh’ (lch 22). Mar le Tadhg Mac Cártha, feic Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 22.

¹⁹ Feiritéar 39, lch 48. Ní fheadar ná gurbh ionann Cathal Ó Fearghail thuas agus an ‘Charles O Farrell’ a raibh an Feiritéarach lonnaithe ina thigh sa bhliain 1905 (n. 5 thuas). Seans, leis, gurbh ionann é agus ‘Cathal Ó Fearghail ó Bhasún’ a thug ceann de dhá lámhscríbhinní ar iasacht do Thomás D. de Norradh (n. 39 thíos) a thairg ansan astu araon dá théacs *Cath Fionntrágha*, 1890–94, in G 341 de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (Nessa Ní Shéaghdha, *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland VIII* (Dublin 1984) 16–18); cf. ‘Cathal Ua Fearghail [fé dhó] 37 Haverhill St Boston Sunday Nov 23rd 1890’ (le peann luaidhe ar bhileog cheangail thosaigh greamaithe laistigh de chlúdach Feiritéar 11). Agus, b’fhéidir fós gurbh é ‘Charles O’Farrell’, Uachtarán Chonradh na Gaeilge i stát Nua Eabhrac agus múinteoir Gaeilge bhrairse Kevin Barry i mBrooklyn, a luaitear in *An Smaointeoir* 3/4 (Lúnasa 1922), *An Smaointeoir* 4/3 (Bealtaine 1923) agus *An Smaointeoir* 4/4 (Lúnasa 1923).

²⁰ Feiritéar 39, lgh 48–52 agus lgh 164–70 fá seach. Tá an lámhscríbhinn mheamraim féin imithe ó thuairisc ó shin agus gan ach cóip mhicreascannáin (NLI positive 6566) ar fáil inniu di. De réir an cholafáin inti, a chóipeáil an Feiritéarach chomh maith fé dhó (Feiritéar 39, lgh 48, 170), bhain Mícheál (mac Peadair) Ó Longáin (†1770) téacs an *Chronicum Scotorum* as lámhscríbhinn a fuair sé óna chara, Tomás, mac Ridire an Ghleanna, 1611. Glactar anois leis, áfach, gur sampla d’arsaíocht fhalsaithe ón naoú céad déag atá anseo le ceart a bhreac garmhac an scríobhaí, Peadar Ó Longáin (1801–c.1860); feic Pádraig Ó Macháin, ‘Léirmheas [ar Ní Úrdail, *The scribe in eighteenth and nineteenth-century Ireland*]’ *Éigse* 33 (2002) 233–7: 234–5; Pádraig de Brún, ‘The Glin family and Irish poetry’ in *The Knights of Glin: seven centuries of change*, eag. Tom Donovan (Glin 2009) 274–301: 279–80; Nollaig Ó Muraile, *The celebrated antiquary, Dubhaltach Mac Fhirbhisigh (c.1600–1671): his lineage, life and learning* (Maynooth 1996) 309.

²¹ ‘5.11.1916. Patraic Ferritéar as Gadelica’ (lch 7); cf. Torna, ‘An tAthair Eóghan Ó Caoimh: a bheatha agus a shaothar’ *Gadelica* 1 (1912–13) 3–9, 101–11, 163–70, 251–9. Mar le Mac Cairteáin agus le muintir Chaoimh, feic Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 17–19, 32–6.

ar liubhur Einrígh Mhic Árdghail i san Róimh i m-bliadhain ar d-tighearna 1694'.²² Deir sé chomh maith go bhfuil lámhscríbhinn Mhic Aodha 'anois i d-tigh-leabhar an Catholic Club West 59 St. i san chathraigh seo, ann san chlúdach chéadna di leathur dhonn-ruadh ann ar ' ceangladh do Mhac Aodha é'.²³ Ní hamháin nach bhfuil fáil inniu ar cheachtar den dá lámhscríbhinn Mhic Ardghail ná Mhic Aodha, ach toisc gurb é téacs an Fheiritéaraigh an t-aon chóip iomlán den tráchtas diaga seo atá ar marthain inniu, tá tabhacht ar leith ag baint leis seo.²⁴

Bhí an-suim ag Pádraig Feiritéar i dtraidisiún liteartha agus béil a chontae dhúchais — ar bhain le hIarthar Duibhneach go háirithe dhe — rud a spreag é chun an dúthaigh seo a thaisteal agus scéalta, filíocht agus traidisiúin na sinsear a bhailiú. Thuig sé luach oidhreacht shaibhir an bhéaloidis a bhí tabhartha gan mhaisle gan mháchail leo ag a thuismitheoirí, Muiris Sheáin Mhuiris Sheáin Lúcaís 'na srianta' Feiritéar agus Neil Mhichíl Dhomhnaill Uí Mhainín, agus ag a dheartháir, Micil, agus chrom sé uirthi seo ar fad a theasargan.²⁵ Tá fianaise na suime sin go léir i Feiritéar 16, mar shampla, ábhar a bhaineann le Corca Dhuibhne don chuid is mó a scríobh sé i dTrá Lí agus sa Daingean, 1894–95, agus i Meiriceá ina dhiaidh sin, 1897–9 agus 1911.²⁶ Foinse shaibhir ar shaol na ndaoine sa líomatáiste áirithe tíre seo san am úd is ea a bhfuil sa lámhscríbhinn seo. Is inti seo, leis, atá ginealaigh éagsúla curtha ar fáil aige, Feiritéaraigh a shleachta féin ón mBaile Uachtarach ina measc, ar chuaigh cuid díobh ar imirce go Springfield agus go Indianapolis Mheiriceá. Ochtar muirir a bhí ar thuismitheoirí an Fheiritéaraigh, mar atá: Seán, Micil, Eoghan, Pádraig féin, Máire, Siobhán, Cáit agus Neil. D'aistrigh Eoghan go St. Louis, chuaigh Máire 'gu h-America' i dteannta a céile, Eoghan Mhurchadh Uí Fhlaitheartaigh ó bhaile fearainn Chloichir, agus as an deichniúr clainne a bhí ag Siobhán agus a céile, Domhnall Phádraig Sheáin Phádraig Uí Dhubháin ón Leataoibh, bhí Séamas 'a ég in san ngalarlann i Melbourne, Australia, agus a thug na Búlaeraig[h] leo go St. James i roilig ar adhlaicadar é'.²⁷

Foinse thábhachtach ar chanúint na dúthaí is ea Feiritéar 16 chomh maith, áfach, rud a léirigh Duibhneach eile, an scoláire Séamus Caomhánach / Ó Caomhánaigh (1900–89), sna nótaí luachmhara teangan a chuir sé le dhá scéal a d'fhoilsigh sé ón lámhscríbhinn seo, mar atá 'An Bhreasaíl' agus 'Séipéilín Ghallaraís'.²⁸ Tá sé inspéise gur thagair an Caomhánach ina chuid anailíse do nós Phádraig Feiritéar litriú neamhghách a úsáid go minic mar iarracht ar fhocail a chur síos de réir a bhfuaimne. Tús na hoibre ar chanúint Ghaeilge Chorca Dhuibhne a bhí anseo, is fíor, agus bhí na dintiúirí thar barr acu beirt — ag an té a bhreac an t-ábhar de réir a fhuaimne agus ag an té a chuaigh i mbun na hanailíse air ina dhiaidh sin. (Fé mar a tharla, thug Séamus Caomhánach beagán cabhrach, leis, do Marie-Louise Sjoestedt (1900–40) agus an

²² Feic uimhir 14 san Aguisín thíos.

²³ Feiritéar 14, lch [192]. Ar 1 Eanáir, 1888, dhein an *Catholic Club of the City of New York* den *St. Xavier Alumni Sodality* (1863) agus mhair sé go hoifigiúil anuas go dtí 1964; cf. Patrick J. Hayes, 'Catholic action in the Archdiocese of New York' in *Empowering the people of God: Catholic action before and after Vatican II*, ead. Jeremy Bonner, Christopher D. Denny, Mary Beth Fraser Connolly (New York 2014) 21–45.

²⁴ Anselm Ó Fachtna, "'An Bheatha Chrábhaigh'" agus "'An Bheatha Dhiaga'" *Éigse* 10 (1961–63) 89–95: 93–4; cf. Anselm Ó Fachtna (eag.), *An Bheatha Dhiadha nó an tSlighe Ríoghda* (Baile Átha Cliath 1967) a bhfuil línte 4136–8101 bunaithe ar théacs an Fheiritéaraigh.

²⁵ Ní Ógáin, 'The Ferriter manuscripts', iv–v.

²⁶ Feic uimhir 16 san Aguisín thíos.

²⁷ Feiritéar 16, lgh 37–44; cf. Paul MacCotter, 'The Ferriters of Kerry' *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* (sraith 2) 2 (2003) 55–82: 77–8.

²⁸ Séamus Ó Caomhánaigh, 'An Bhreasaíl' *Lia Fáil* 3 (1930) 127–38; Séamus Ó Caomhánaigh, 'Séipéilín Ghallaraís' *Lia Fáil* 4 (1932) 188–94.

réamhobair ar siúl aici dá saothar ar fhoghraíocht na Gaeilge i gCorca Dhuibhne.²⁹) Agus, ní miste sa chomhthéacs seo tagairt don soláthar ‘by the late Pádraig Feiritéir of New York, formerly of the Ballyferriter district’³⁰ in eagrán leasaithe agus méadaithe d’fhoclóir an Duinnínigh.

Tá a thuilleadh foinsí ó láimh an Fheiritéaraigh a tháisceáineann an lé speisialta a bhí aige le hoidhreacht Chorca Dhuibhne. Isteach is amach le naoi gcéad leathanach atá sa lámhscríbhinn is toirtiúla ar fad acu seo, Feiritéar 1, bailiúchán substaintiúil scéalta, amhrán agus dánta a fuair sé óna mhuintir féin agus ó chainteoirí eile Gaeilge a cheantair dhúchais in Éirinn agus i Meiriceá idir Meán Fómhair 1889 agus Aibreán 1913.³¹ Díol breise suime is ea an cnósach breá seanráite (279 ar fad) i Feiritéar 1 a bhreac sé síos sna blianta 1893–98.³² A bhui leis an bhfoinse seo, leis, maireann an dara leagan de *Caoineadh Airt Uí Laoghair* a thug Nóra Ní Shíndile uaithi, téacs a chóipeáil an Feiritéarach ó lámhscríbhinn le Domhnall Mac Cáib (1818–1903) ón mBántír, Co. Chorcaí. Chríochnaigh sé a chuid cóipeála ar 1 Aibreán 1894 agus chuir sé ranna breise leis an téacs a fuair sé i Meán Fómhair na bliana 1893 óna bhean ghaoil, Máraed Ní Fhionnagáin, i mBaile an Chalaigh ‘taebh shiar do Dhaingan-Uí-Chúise’.³³ Foilsíodh é seo go léir i dteannta nótaí téacsúla i dtrí imleabhar de *An Gaodhal* (Meitheamh–Lúnasa 1899). Cé nár chuir an Feiritéarach a ainm leis an ábhar clóite féin, ní foláir nó chuir sé é seo i gcrích don iris, go háirithe agus scéalta eile Gaeilge a bheith foilsithe in *An Gaodhal* aige taca an ama chéanna (Meitheamh–Iúil 1899).³⁴

Is léir ó Feiritéar 5 gur bhailigh ár bPádraig focail agus amhráin in Iarthar Duibhneach i nDeireadh Fómhair na bliana 1890, agus tá inti seo, leis, nótaí ginealaigh ar theaghlach an Bhaile Uachtaraigh agus Bhaile an Fheirtéaraigh. Idir Iúil agus Nollaig na bliana 1892, bhreac sé síos nótaí ar bhailte fearainn ar chónagar Chnoc Bhréanainn atá anois i Feiritéar 19. Agus, mar chuid de Feiritéar 11, tá ranna fáin agus scéilíní a fuair sé i mí Iúil 1898 agus arís sa bhliain 1903, a scríobh sé síos i Lúnasa na bliana 1911. Chuir sé roinnt ábhair sna foinsí seo i gcló chomh maith in *An Gaodhal*, san *Gaelic American* agus san *Irish Echo*, agus ‘An Síogaidhe Infhiúchtach’ mar ainm cleite aige.³⁵

²⁹ M.L. Sjoestedt, *Phonétique d'un parler irlandais de Kerry* (Paris 1931). Táim buíoch den Dr Roibeárd Ó hÚrdail as an eolas seo a fuair sé ón gCaomhánach féin. Tagraíonn Sjoestedt ina réamhrá ceart go leor don gcabhair a fuair sí ó Sheán Ó Caomhánaigh ‘né à Dunquin’ (ix), i.e. Seán a’ Chóta (1885–1947), deartháir le Séamus.

³⁰ Patrick S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla. An Irish-English dictionary* (Dublin 1927) xxvii.

³¹ Feic uimhir 1 san Aguisín thíos.

³² Feiritéar 1, lgh 56–7, 120–1, 496–7, 617; cf. Meidhbhín Ní Úrdail (eag.), ‘Cnósach luachmhar seanráite as Lámhscríbhinn Feiritéar 1’ *Béaloideas* 85 (2017) 62–121.

³³ Feiritéar 1, lgh 298–305.

³⁴ Feic n. 35 thíos. Tá an leagan seo de *Caoineadh Airt Uí Laoghair* foilsithe ó shin arís i dteannta aistriúcháin Bhéarla ag Angela Bourke, ‘Eibhlín Dubh Ní Chonaill (c.1743–c.1800)’ in *The Field Day anthology of Irish writing. Volume IV. Irish women’s writing and traditions*, eag. Angela Bourke, Siobhán Kifeather et al. (Cork 2002) 1372–84.

³⁵ Mar shampla, (i) na dánta *A dheoraidhthe óm dhúthaigh* (*Gaelic American*, 4 Eanáir 1913) agus *An chúilfheann dheas ó Éirinn* (*Gaelic American*, 18 Eanáir 1913) a fuair sé ó Mhícheál Ó Séaghdha. (Táim buíoch den Dr William Mahon as an eolas seo.) (ii) ‘Sgéalta ó Iarthar Éireann. Ag “An Síoguidhe Infhiúchtach”’ (*An Gaodhal*, Meitheamh–Iúil 1899). Is fánach ar fad, áfach, an t-ainm cleite seo a bheith in ócáid aige ina lámhscríbhinní: tá sé breactha, ceart go leor, i Feiritéar 8 i dteannta an tsínithe ‘An S. I.’ (ar leathanach scaoilte marcáilte leis an uimhir 5).

Is leis an gcuid sin de Bhailiúchán an Fheiritéaraigh nach ó lámh an fhir féin a bhaineann LSÍ 20–34 agus LSÍ 36–8.³⁶ Tá Feiritéar 21 ar an bhfoinse is luaithe acu seo, díolaim próis agus filíochta ar chuir Éamonn de Búrc a formhór le chéile, 1802–3, ach go bhfuil beagán inti le Tomás Ó Tuama, 1802, agus le Séamas Mac Suibhne ‘a cCorcaigh’, 1817.³⁷ I Meitheamh na bliana 1913, d’éirigh leis an bhFeiritéarach í seo a cheannach i dteannta cheithre cinn eile sa bhailiúchán, fé mar a mhíníonn sé sa nóta spéisiúil seo a chuir sé le LS 24:

Do cheannaigheas, Dia Máirt an seachtmhadh lá déag de Mheithiombh ann san m-bliadhain míle noí g-céad agus trí bliadhna déag, ó Anna (ní Shúilleabháin) du Norraidh .i. bean an Chaptaein Thomáis mhic Dháibhidh du Norraidh, i n-úimhir 2038 Pacific St., Brooklyn, New York, an leabhar so, mar aen le leabhar Eoin Uí Dhreada do’n Athair Domhnall Ó Súilliobháin i 1832, leabhar Sheághain Uí Chaoimh do féin 1844-5-6, agus leabhar Éamoinn du Búrc, Thomais Uí Thuama, agus Shéamais Mhaic Shuibhne 1802-17 ar chaegaid n-dollar, agus leabhar Pheadair Uí Ghealacáin (nó John T. Rowlandson) ar thriochaid n-dollar, is é sin ochtmogha dollar (\$80.00) ar fad. Pádraig Ferritéar 201 E 42 St. New York.³⁸

B’ó Chill Airne ó dhúchas do Thomás Dáibhí de Norradh, *alias* Thomas David Norris (1827–1900), a ceapadh ina chaptaen san 170th *New York Infantry* sa bhliain 1863. Bhí sé an-ghníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge i Nua Eabhrac agus bhíodh píosaí go rialta aige i gcolúin Ghaeilge an *Irish American* agus *An Gaodhal*.³⁹ Ag leanúint ord na lámhscríbhinní fé mar atáid sa nóta seo, mar sin, is í Feiritéar 24 an chéad cheann atá i gceist anseo — cóipeanna de *Agallamh na bhFíoraon*, de sheanmóintí agus d’fhillíocht a chuir Mícheál Ó Corcoráin (*fl.* 1830–36) le chéile i nGort an Ghabhláin ar chiosa chathair Chorcaí, 1830.⁴⁰ Is ionann an dara ‘leabhar’ agus Feiritéar 29, díolaim filíochta agus scéalta an formhór, a scríobh Eoin, *alias* Seán, Ó Dreada (*c.* 1771–1840), ‘snoigheadóir cloiche’ i gCorcaigh, don Athair Domhnall Ó Súilleabháin, 1832.⁴¹ Filíocht ó Chúige Mumhan agus scéalta a bhreac Seán Ó Caoimh (*fl.* 1843–46) ó Chorcaigh atá sa treas ‘leabhar’, i.e. Feiritéar 23, 1844–46.⁴² Feiritéar 21 a luadh anois beag atá i gceist leis an gceathrú ceann, agus is ionann ‘leabhar Pheadair Uí Ghealacáin’ agus Feiritéar 20, filíocht ó Chúige Uladh agus laoihe fiannaíochta a chuir Ó Gealacáin (1792–1860) i dtoll a chéile i mBaile Mhic Cathnaoin, Co. na Mí, 1850–51. Dob é John T. Rowland (*pace* Feiritéar thuas), dlíodóir i nDroichead Átha, pátrún an tsaothair seo ar fad agus thug sé leis é, ní foláir, nuair a theith sé go Meiriceá toisc baint a bheith aige le hÉire Óg.⁴³

Maidir le lámhscríbhinní eile sa bhailiúchán ó lámh scríobhaithe éagsúla, is í Feiritéar 34 an fhoinse is déanaí acu seo, téacs neamhiomlán de *Eachtra an Mhadra*

³⁶ Tá Feiritéar 36 á áireamh anseo toisc gurbh é Tomás Mac Muircheartaigh an príomhscríobhaí agus gan ach an beagán ‘cheal dáta scríofa lenár bPádraig; feic uimhir 36 san Aguisín thíos.

³⁷ Feic uimhir 21 san Aguisín thíos.

³⁸ Feiritéar 24, lch 362; cf. Ó Buachalla, ‘Lámhscríbhinn a d’fhill’, 7.

³⁹ Eolas bunaithe ar thrí chuntas iarbháis air a d’fhoilsigh an *Irish World* (20.1.1900 agus 27.1.1900) agus *An Claidheamh Solais* (10.2.1900); cf. uimhir 29 san Aguisín thíos. Feic, leis, Fionnuala Uí Fhlannagáin, *Mícheál Ó Lócháin agus An Gaodhal* (Baile Átha Cliath 1990) 50–1.

⁴⁰ Feic uimhir 24 san Aguisín thíos; cf. Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 55–6.

⁴¹ Feic uimhir 29 san Aguisín thíos; cf. Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 61–3.

⁴² Feic uimhir 23 san Aguisín thíos; cf. Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 38.

⁴³ Ó Buachalla, ‘Lámhscríbhinn a d’fhill’, 6–7; Ciarán Dawson, *Peadar Ó Gealacáin: scríobhaí* (Baile Átha Cliath 1992) 85–92.

Mhaoil le Tomás Ó Gríobhtha, *alias* Thomas Griffin (1829–96), ‘Cathair Luibhrais a Stát Mhas.’, 1889, a chóipeáil sé ó lámhscríbhinn a scríobh Aodh Ó Crónaoin (*fl.* 1830–40) ón nGallbhaile, Co. Luimnigh, idir 1830 agus 1840.⁴⁴ Ní heol cathain ná conas a tháinig Pádraig Feiritéar ar an lámhscríbhinn seo, ach is é is dóichí gurbh é Ó Gríobhtha féin a thug uaidh í. Duibhneach ó dhúchas ab ea Ó Gríobhtha, cuir i gcás, a chuaigh ar imirce sa bhliain 1850 agus a bhí gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge i gcathair Labhráis; agus, foilsíodh dhá dhán leis in *An Gaodhal* timpeall an ama chéanna a bhain an Feiritéarach an Domhan Nua amach.⁴⁵ Ní móide, mar sin, nárbh eol dó a leithéid féin óna cheantar dúchais a bheith ag saothrú ar son na Gaeilge sa chathair úd. B’fhuirist a shamhlú go raghadh sé i mbun bailithe agus cóipeála i gcathair Labhráis, pé scéal é, mar gur Mhuimhnigh (ó Chorca Dhuibhne agus ó Uíbh Ráthach, ó chongar An Sciobairín, ó Mhaigh Chromtha agus ó Shráid an Mhuilinn) formhór na n-imirceach a shocraigh ansúd.⁴⁶

Duine eile a bhí gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge san am san ab ea Dáithí Ó Caoimh, *alias* David O’Keeffe (*fl.* 1853–90), a bhí ina bhall de bhainse Nua Eabhrac den gCumann Oisíneach a bunaíodh i mBaile Átha Cliath in 1853. Ar fhianaise litreacha a d’fhoilsigh an *Irish American* idir 1878 agus 1880 bhí cáil air mar mhúinteoir Gaeilge san Philo-Celtic Society i Nua Eabhrac; agus bhíodh píosaí dá chuid féin ar an nGaeilge i gcló go rialta san *Irish American* aige ó 1880 ar aghaidh.⁴⁷ Dála an Fheiritéaraigh, scríobhaí agus bailitheoir lámhscríbhinní d’aon turas ab ea é, leis, rud atá le rianadh i mBailiúchán an Fheiritéaraigh féin. Tá againn, mar shampla, uimhir 33, amhráin agus filíocht ó Chúige Mumhan (*Cúirt an Mheán Oíche* ina measc) a chuir Ó Caoimh le chéile i Nua Eabhrac sa tréimhse 1858–62.⁴⁸ *Eachtra Thomáis mhic Lóbais* ó láimh an Fheiritéaraigh atá in uimhir 17 (lgh 1–7), téacs a chóipeáil sé i Nua Eabhrac sa bhliain 1912 ó fhoinse a chuir Ó Caoimh le chéile sa bhliain 1880.⁴⁹ Bhain ár bPádraig blúire thosaigh an téacs chéanna atá in uimhir 11 ‘as leabhar D[h]aithí Uí Chaoimh’ ach gan aon dáta a bheith luaite aige leis an obair chóipeála seo.⁵⁰ Ní fios go díreach conas a tháinig sé ar na lámhscríbhinní seo a chuir Ó Caoimh le chéile roimhe sin, ach gach seans go rabhadar seo, leis, i seilbh Thomáis Dháibhí de Norradh a luadh thuas, agus gurbh í a bhaintreach súd arís a chuir ar fáil dó iad.⁵¹

⁴⁴ Feiritéar 34, lch 16. Is ionann lámhscríbhinn Uí Chrónaoin agus uimhir 7 inniu i mbailiúchán lámhscríbhinní Gaeilge Ollscoil Villanova, Pennsylvania. Chuir Ó Gríobhtha cóip iomlán de théacs Uí Chrónaoin ar fáil sa bhliain 1891, i.e. Villanova 11 inniu (lgh 171–205). Feic William Mahon, *Catalogue of Irish manuscripts in Villanova University Pennsylvania* (Dublin 2007) 6–8, 50–7, 66.

⁴⁵ William Mahon, *Thomas Griffin (1829–96) of Corca Dhuibhne and the Irish community of Lawrence, Massachusetts* (Aberystwyth 2007); cf. Mahon, *Catalogue of Irish manuscripts*, 9–15.

⁴⁶ Mahon, *Thomas Griffin (1829–96) of Corca Dhuibhne*, 62 n. 18.

⁴⁷ Kenneth E. Nilsen, ‘Mícheál Ó Broin agus lámhscríbhinní Gaeilge Ollscoil Wisconsin’ *Celtica* 22 (1991) 112–18; 116–17; Kenneth E. Nilsen, ‘The Irish language in New York, 1850–1900’ in *The New York Irish*, ead. Ronald H. Bayor, Timothy J. Meagher (London 1996) 253–74; 264–5, 269–70; Kenneth E. Nilsen, ‘Irish in nineteenth century New York’ in *The multilingual apple: languages in New York city*, ead. Ofelia García, Joshua A. Fishman (New York 1997) 53–69; 61.

⁴⁸ Feic uimhir 33 san Aguisín thíos; maidir le sleachta breisiúla i dtéacs Uí Chaoimh de dhán Mherriman, feic Séamus Ó Diollúin, ‘An chúirt i gcéin: “Cúirt an Mheán Oíche” i gnuasach Phádraig Feiritéar’ *Taighde agus Teagasc* 6 (2008) 102–16; 108–13.

⁴⁹ ‘Crioch 1880 ag Dáithí Ó Caoimh; 7 an 24 de Mhítheamh 1912, annso agamsa Pátraig Ferritéar. Is i [síneadh fada cealaithe] Siegel Park ann san Bhronx atáim ag obair anois, 7 i’m’ chómhnaidhe i [200 cealaithe] 201 E.42 St. N.Y. P. Feiritéar’ (Feiritéar 17, lch 7).

⁵⁰ Feiritéar 11, lgh 271–2.

⁵¹ Feic, mar shampla, an nóta i LS 45 i mbailiúchán Dhubhghlais de hÍde (n. 14 thuas) agus an t-eolas ar dhála uimhir 29 sular bhain sí an Feiritéarach amach, luaite san Aguisín thíos.

Ón uair gur fánach inniu iad na lámhscríbhinní a teaglaimíodh i gCo. Ros Comáin sa tréimhse dhéanach, díol spéise is ea Feiritéar 30. Joseph Read a scríobh í seo amach, 1815, ‘ó theagasc críostaí ársa’ i dTearmann Bearaigh (Termonbarry) i mbarúntacht Bhaile an Tobair Thuaidh agus thug sé leis an lámhscríbhinn nuair a chuaigh sé ar imirce go dtí New Brunswick. Tabharthas ab ea í ina dhiaidh sin ón Dr Thomas Connolly (1814–76), Ardeaspag Halifax agus Corcaíoch ó dhúchas, a bhronn í sa bhliain 1870 ar William D. O’Brien.⁵² Is é is dóichí liom ná gurb ionann an Brianach seo agus William Desmond O’Brien a bhunaigh an *Halifax City Railroad Company* (1866), comhlacht iompair le trucaíl agus bóthar iarainn i gcathair Halifax a raibh sé ina bhun go dtí gur dhún sé a ghnó síos deich mbliana ina dhiaidh sin.⁵³ Ní heol conas a tháinig Pádraig Feiritéar ar an lámhscríbhinn, munarbh ó O’Brien féin nó ó ghaol leis a tharla sé sin — óna bhean, Mary Cecilia V. O’Brien (*née* Whelan), mar shampla, a phós a fear i sáipéal Naomh Pádraig, Brooklyn, sa bhliain 1852 agus a bhí lonnaithe mar bhaintreach i mBrooklyn sa bhliain 1898.⁵⁴

I dteannta an ábhair ó Iarthar Duibhneach i mBailiúchán an Fheiritéaraigh ó láimh an fhir féin a luadh níos túisce anseo, tá againn saothar beirte ó Chorca Dhuibhne in uimhir 27. I lár an naoú céad déag a bhí Tomás Mac Muirheartaigh, *alias* Thomas Moriarty, ‘ón mBaile Uachtarach[h]’ ag saothrú agus bhreac Thomas Fitzgerald ‘Blackfields’ a chuidse oibre i bhFeabhra na bliana 1849 sarar thug sé aghaidh ar Mheiriceá.⁵⁵ Urnaithe roimh Aifreann agus blúire de dhán teagascach dar tús *A dhuine, cuímhneigh ar do chríochaibh déidheancha*⁵⁶ is ábhar don lámhscríbhinn, mar aon le dánta le Piaras Mac Gearailt agus le hEoghan Rua Ó Súilleabháin. Ar chuma lámhscríbhinn Joseph Read ó Ros Comáin thuas, cuireann Feiritéar 27 lenár n-eolas ar shaothrú an léinn i líomataíste tíre nach bhfuil an oiread san ar fad foinsí ón tréimhse dhéanach tagtha chun solais go dtí seo as. Tá dhá fhoinsé eile fós le Mac Muirheartaigh sa bhailiúchán, mar atá uimhreacha 32 agus 36, a chuir sé le chéile sna blianta 1856–57 (feic an Aguisín thíos) agus an méid sin sa Domhan Nua, ní foláir.

Caitheann lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh solas ar leith ar an teagmháil leis an Domhan Nua agus ar an saothrú a deineadh ar son an léinn Ghaelaigh ansan a mbeimis dall go maith air murach gur éirigh leo casadh thar n-ais ar Éirinn. Agus, is

⁵² Feic Uimhir 30 san Aguisín thíos. Mar leis an Ardeaspag Connolly, feic David B. Flemming, ‘Connolly, Thomas Louis’ in *Dictionary of Canadian Biography: volume x 1871–1880*, eag. Marc La Terreur (Toronto 1972) 191–3.

⁵³ Feic https://www.exporail.org/can_rail/Canadian%20Rail_CRHA_Bulletin_no17_April_1954.pdf (ceadaithe 12.01.2017); tagairt a bhuíochas ar an Ollamh Pádraig Ó Siadhail. Cf. Elsie Churchill Tolson, *The Captain, the Colonel and me. (Bedford, N.S., since 1503)* (New Brunswick 1979) 155–6.

⁵⁴ <http://www.ancestry.ca> (ceadaithe 23.01.2017); cf. Kenneth Nilsen, ‘An Ghaeilge in Oirthear Cheanada, 1750–1900’ in *Séimhfhear suairc: aistí in ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir*, eag. Seán Ó Coileáin, Liam P. Ó Murchú, Pádraigín Riggs (An Daingean 2013) 262–79: 273.

⁵⁵ ‘Thomas Fitzgerald Blackfields is my name Gurtadoes is my dwell[ing] place Ireland is my station and in America I ll soon be translated by the orders of Thomas Morriarty Balleyoughtra February th[e] 2 the year of our Lord 1849 Anno Domino [sic]’ (Feiritéar 27, lch 18); ‘Gaming and intemperance ruin many thousands. Thomas FitzGerald Blackfields’ (Feiritéar 27, lch 29, aisiompaithe); ‘Barantus na Cosoga mar Leannus Sgriobhtha le Tomas ach Muireathuirta on mBaile Uachtarach[h]. Ansa mbleighinn Daois an Tighearna hocht cead deadhg [an chuid eile bán]’ (Feiritéar 27, lch 34).

⁵⁶ Meidhbhín Ní Úrdail, ‘Dán teagascach dar tús *A dhuine, cuímhneigh ar do chríochaibh déidheancha*’ in *Saoi na féile*, eag. Stephen Newman, Breandán Ó Cróinín, Liam Ó Paircín (Baile Átha Cliath 2018) 69–118.

luachmhaire fós iad nuair a chuimhnímid ar a laghad lámhscríbhinní a tháinig slán ón imirce go dtí an Domhan Nua.⁵⁷ Tá a bhuíochas san ar an únaeir bunaidh, Pádraig Feiritéar, scoláire Gaeilge agus deoraí, a chaith ‘a shaoghal, a shláinte agus a mhaoin shaoghalta ag iarraidh gach ní a bhain le Gaedhealachas a shábháil’.⁵⁸ Tionscnamh saoil ab ea é seo aige a chuimsigh dhá thaobh an Atlantaigh ach gurbh í a aidhm, fé mar a léiríodh i dtús na haiste seo, go dtiocfadh Éire i seilbh a hoidhreachta féin arís. Tá scéal éagsúil, ilghnéitheach le hinsint ag an mbailiúchán seo ina iomláine: pé acu san a raibh ar fáil don bhFeiritéarach agus do scríobhaithe eile chun cóipeála thall agus abhus; nó an meascra chun léitheoireachta sna leabhair a thug imircigh (ár bPádraig san áireamh) an cuan amach leo; nó an fhianaise nithiúil ar an trasnaíol idir mheáin na scripte agus an chló; nó fós a bhfuil le léamh ann mar gheall ar stair na hÉireann agus an Ghaeil ar ghnéithe tábhachtacha di sin an imirce agus an deoraíocht.

⁵⁷ Pádraig Ó Macháin, ‘Imirce agus fillleadh lámhscríbhinní na nGael’ in *Litríocht na Gaeilge ar fud an domhain: cruthú, caomhnú agus athbheochan*, eag. Ríona Nic Congáil, Máirín Nic Eoin *et al.* (Baile Átha Cliath 2015) 109–54.

⁵⁸ Ó Caomhánaigh, ‘Séipéilín Ghallaraís’, 191–2.

AGUISÍN: GEARRLIOSTA SEICEÁLA

1. Feiritéar 1: Ábhar ilghnéitheach ó Iarthar Duibhneach. Scríobhaí: *P. F. / Patr(a)ic Ferritéar / Pádraig Feirrtéar*, a luigh amach ‘air an lebhar so do sgríobh An 11.9.1889.’ (lch 1) agus a bhí ‘anis críochnaighthe, moladh agus buidheachas le Dia d’a chionn. Dia Domhnaigh, an 20adh lá de Abarán, ann úimhir 201 de shráid 42 soir i n-Eabhrach Nua’ (lch 928); dátaí ‘16.4.1913.’ (dhá uair, lch 907) agus ‘lá ’lé Pádraic na bliadna 1913’ (lch 907). Cuid ‘as lebhar Dhomhnaill mhic Cáib, i n-Daingan Uí Chúise, i g-Corca Dhuibhne’ (lch 177); cuid eile ‘Sgríobhte i d-Tráigh-lí an naemhadh lá de Oi-melc 1894’ (lch 187), ‘i m-Baile-an-Chalaith taebh shiar do Dhaingan-Uí-Chúise, an 28.9.1893’ (lch 305), i ‘30 Bryant Ave. West Quincy, Mass. Dia Satharain 9.3.1895.’ (lch 121), ‘an 9.2.1896. in uimhir a-deich de Shráid Hancoc, i g-Cathair Chalchuidhe, i stát Mórchrúachan, in sna Státibh Ánaighthe, in Americain’ (lch 490) agus ‘an 21 de 11. 1902, i n-uimhir a 23 de Shráid Lash, i Chelsea, Mass.’ (lch 732).
2. Feiritéar 2: Filíocht. Scríobhaí: *P. Ferritéar / Patric Ferritéar*, ‘san [Boston] Athenaeum 1896.1.23. Dérdaoín’ (lch 96). Dátaí éagsúla eile idir ‘Die Máirt 12.11.1895’ (lch 3, 22) agus ‘Diei Cédaoin an 12.2.1896.’ (lch 108). Lámhscríbhinn le Tadhg Mac Cártha a bhí mar eiseamláir anseo.⁵⁹
3. Feiritéar 3: *Ceisneamh Inghine Guil*; amhráin; filíocht. Scríobhaí: *P. Ferriter*, ‘27.3.1898’ (lch 30), ‘Sep. 1st. 1898.’ (lch 38). An scéal próis ó lámhscríbhinn le Séamas Muilsineach;⁶⁰ cuid eile ón *Irish Echo* (Feabhra, Márta, Lúnasa 1888).
4. Feiritéar 4: Scéalta; seanráite. Scríobhaí: *Patric Ferritéar*, cuid den ábhar ‘i d-Tráighlí’, 29 Bealtaine 1894, ‘as an lebhar a chuir Nicolás Ó Cearnaigh i g-clódhd do’n Chuman Oisínach in san m-bliaghain 1854, iasacht a bh-fuairas ó Dhomhnall mhic Cáib Bhruighaine Dhrom-Cumaire, Bán-tír,’ Co. Chorcaí (lch 60).
5. Feiritéar 5: Ábhar ilghnéitheach ó Iarthar Duibhneach. Scríobhaí: *Pádraig Feirrtéar* (ar a láimh), ‘26.10.1890’ (lch 41).
6. Feiritéar 6: Sliocht as *Leabhar Bhaile an Mhóta* (facsamhail Robert Atkinson, 1887). Scríobhaí: *Patraic Ferritéar*, ‘De Cédaín, an t-aonmhadh lá dég de mhís an dubhluachra in san mbliadain 1905’ (lch 152).
7. Feiritéar 7: Amhráin; filíocht. Scríobhaí: *P. F. / P. Ferretéar*, idir ‘Dia Máirt Samhain 28. 1911’ (lch 19) agus ‘Dec. 14, 1911’ (lch 114). Cuid den ábhar ón *Irish American* (dátaí éagsúla sna blianta 1857, 1868, 1869, 1880, 1883, 1886, 1887, 1888).
8. Feiritéar 8: Amhráin; filíocht. Scríobhaí: *P. F. / Pádraig F(e)ir(r)téar / An S. I. / An Siogaidhe Infhiúchtach* ‘ó Long Island City, N. York, U.S.A.’ (lch 120), idir ‘Dec. 14, 1911’ (lch 3) agus ‘Jan 15, 1912’ (lch 105). Cuid den ábhar ón *Irish American* (dátaí éagsúla sna blianta 1857, 1858, 1859, 1864, 1869, 1870, 1883,

⁵⁹ Feic n. 15 thuas.

⁶⁰ Feic n. 17 thuas.

1888, 1889, 1891, 1892, 1893, 1894, 1896, 1897, 1899, 1901, 1902, 1903, 1907, 1908, 1909) agus ó *An Gaodhal* (dátaí éagsúla, Deireadh Fómhair 1882–Samhain 1883, Iúil–Nollaig 1886).

9. Feiritéar 9: Laoithe fiannaíochta; filíocht. Scríobhaí: *P. F. / Patrick Ferriter*, idir ‘diei Satharain an 12.12.1896 in Athenaeum Bostúin’ (lch 55), ‘diei Domhanaig an 3.4.1898.’ (lch 69), ‘25.9.1898.’ (lch 152) agus ‘Dei Céadaoin an 15.1.1899 in uimhir 524 Washington Ave. Chelsea. Mass. U.S.A.’ (lch 192). Ábhar a bhreac Mícheál Ó Riagáin, Séamas Muilsineach agus Tadhg Mac Cártha a bhí mar eiseamláir anseo.⁶¹
10. Feiritéar 10: Ábhar ilghnéitheach ó fhoinsí clóite. Scríobhaí: *Pádraig Feiritéar* (ar a lámh), ‘18.12.1913’ (lch 111), ‘24.12.1913.’ (lch 123), ‘Lá Nodlag, Deardaoin 25.12.1913’ (lch 127). I measc na bhfoinsí, cóipeáladh sleachta as: Sir Henry Piers, *A chronological description of the county of Westmeath written in 1682* (1770); John Pinkerton, *A general collection of the most interesting voyages and travels* III (1809); *Thesaurus Palaeohibernicus* II (1903); *Ériu* 1 (1904); *Reliquiae Celticae* 1–2 (1892, 1894).
11. Feiritéar 11: Ábhar ilghnéitheach ó Chairbre / Uí Mhic Coille. Scríobhaí: *Pádraig Ferritéar*, ‘24.8.1911.’ (lch 261), ‘27.8.1911.’ (lch 262, 263), ‘10.9.1912’ (lch 269), ‘an 7adh.9.1918.’ (lch 273), ‘28.9.1918’ (lch 274), ‘5 10 1918’ (lch 275). Blúire thosaigh *Eachtra Thomáis mhic Lóbais* ‘as leabhar Daithi Uí Chaoimh’ (lch 271). Nótaí: ‘Hon Joseph A. O Donnell 154 West Randolph St. Chicago Illinois’, ‘Cathal Ua Fearghail [fé dhó] 37 Haverhill St Boston Sunday Nov 23rd 1890’ (ar bhileog cheangail thosaigh greamaithe laistigh de chlúdach na lámhscríbhinne).
12. Feiritéar 12: Ábhar ilghnéitheach ó fhoinsí clóite. Scríobhaí: *P. F. / Patr(a)ic(e) Ferritéar*, idir ‘20.12.1916’ (lch 30) agus ‘Dia Sathuirin an 7.5.1921.’ (lch 190). I measc na bhfoinsí, cóipeáladh sleachta as: *Zeitschrift für Celtische Philologie* 10 (1915); *The miscellany of the Irish Archaeological Society* 1 (1846); *Miscellany of the Celtic Society* (1849); Thomas McLauchlan, William Forbes Skene, *The Dean of Lismore’s Book* (1862); John O’Donovan (eag.), *The genealogies, tribes, and customs of Hy-Fiachrach, commonly called O’Dowda’s country* (1844).
13. Feiritéar 13: Amhráin; filíocht. Scríobhaí: *P. F. / P. Ferritéar / Patraic Ferritéar*, ‘655 3d. Ave., New York, Monday Sep.16.1918. Deo Gratias.’ (lch 3). Dátaí eile: ‘9.10.1918.’ (lch 13), ‘14.10.1918.’ (lch 16), ‘15.10.1918.’ (lch 16), ‘16.10.1918’ (lch 18), ‘17.10.1918.’ (lch 18), ‘20.10.1918.’ (lch 22), ‘Bealltaine 1919’ (lch 26), ‘4.6.1922.’ (lch 37), ‘30.7.1922.’ (lch 59). Cuid ‘as leabhar Thaidhg an tarta .i. MS.S.28, taobh 147-8, i leabhar-lainn an Athenaeum, Boston, Mass., as leabhar Uilliam Uí Ógáin, taobh 65-6, atá agam féin, agus as Foinn na Smól’ (lch 13).⁶²
14. Feiritéar 14: Filíocht; *An Bheatha Dhiaga*. Scríobhaí: *P. Ferritéar / Patraic(e) Fe(i)rrité(a)r*. Is ‘as Gadelica’ a cóipeáladh an fhilíocht ‘5.11.1916.’ (lch 7).

⁶¹ Feic n. 16, n. 17, n. 18 thuas.

⁶² LS BA 3 i n. 18 thuas, Feiritéar 22 agus Pádraig Breathnach, *Fuinn na smól* (Baile Átha Cliath 1913), fá seach.

Clabhsúr ar *An Bheatha Dhiaga* (cuid thosaigh) ‘Dia-Céad-aoin an deachmhadh lá d’Oimiulc bliadna ár d-Tighearna 1917’ (lch 4); an chuid eile: ‘aithscríobhtha i san libhiur so, as an aithscríobh a do chríochnaigheas an 21.10.1915, i n-úimhir 655 de Threas-Fhoirbhealach i n-Eabhrach Nua, an 22.9.1919.’ (lch 173); ‘Aithscríobhtha annso i n-uimhir 655 di Threas Fhoirbhealach i n-Eabhrach Nua, eas an aithscríobh do chríochnaigheas i san bhliadhain 1915 eas leabhar Chonconnachta Maic Aodha, an treas lá fichead di Mheithiomh an Fhóghmhair i san bhliadhain 1919’ (lch 175); ‘Ag so críoch ar an aithscríobh so, as an aithscríobh do ghéanas i san bhliadhain 1915 as aithscríobh Conconnacht Maic Aodha na bliadna 1736, ar liubhur Einrígh Mhic Árdghail i san Róimh i m-bliadhain ar d-tighearna 1694 ... an 12.10.1919.’ (lch [192]).

15. Feiritéar 15: Ábhar ilghnéitheach. Scríobhaí: *P. F. / Pádraig Feiritéar / P. Ferritéar / Pádraig Ferritéar / P. Ferriter*, ‘Dia Domhnaigh an 13 de 7 1913’ (lch 13). Dátaí eile: ‘Déardaoin 18.12.1913’ (lch 17), ‘Dia Satharain an 20.12.1913.’ (lch 24), ‘Déardaoin an 1.1.1914.’ (lch 53), ‘Oimealc 3. 1915.’ (lch 117), ‘Déardaoin an 30.12.1915.’ (lch 150), ‘Dia Luain 10.1.1916’ (lch 162), ‘24.1.1916’ (lch 192). Cuid as ‘leabhar Uí Ógáin’ (lch 56). Sleachta an formhór a cóipeáladh as Charles O’Conor (eag.), *Rerum Hibernicarum scriptores veteres I–IV* (1814–26); Bonabhentura Ó Eódhasa, *An Teagasg Criosdaidhe* (eagrán 1707); Osborn Bergin, Carl Marstrander (eag.), *Miscellany presented to Kuno Meyer* (1912); *Ériu* 4–6 (1908–10, 1911, 1912); *Zeitschrift für Celtische Philologie* 5, 7 (1905, 1910).
16. Feiritéar 16: Ábhar ilghnéitheach ó Iarthar Duibhneach. Scríobhaí: *P. Ferritéar / Patric Ferritéar*, ‘i d-Tráigh-lí, an 24.7.1894.’ (lch 79), ‘i d-Tráigh-lí. An 14.1.1895.’ (lch 135), ‘i Sráid na nGabhar [sa Daingean] 14.1.1895.’ (lch 135), ‘19.1.1895. In Daingan’ (lch 50). Cuid ‘Sgríobhte, as mhac-sgríobh Shémais Uí Ghríbhthín ó an bh-Fotharaig-Muair i b-paróiste na Cinnáirde’ (lch 79). Scríobhadh breis ábhair i Meiriceá, ‘Diei Domhanaig an 19.9.1897’ (lch 288 [uimhriú déanach]), ‘17.6.1898’ (lch 267 [uimhriú déanach]), ‘Dia Domhnaig an 18.9.1898.’ (lch [271]), ‘23.4.1899.’ (lch 257 [uimhriú déanach]), ‘dei Satharain Bealtaine 6.1911’ (lch 280 [uimhriú déanach]).
17. Feiritéar 17: Scéalta; amhráin; filíocht. Scríobhaí: *Pátraigh Ferritéar / Patraic Ferritéar / P. Feiritéar / P. Firtéar*, ‘an 24 de Mhítheamh 1912’ (lch 7), ‘an 26 de Mheithiomh 1912’ (lch 17). Dátaí eile: ‘11.6.1917.’ (lch 19), ‘1.7.1917.’ (lch 23), ‘29.8.1917’ (lch 27), ‘24.2.1923.’ (lch 37). *Eachtra Thomáis mhic Lóbais* ó fhoirse dar ‘Críoch 1880 ag Dáithi Ó Caoimh’, agus an Feiritéarach ag obair ‘anois’ i ‘Siegel Park ann san Bhronx’ agus ‘i’m’ chómhnaidhe i [200 *cealaithe*] 201 E.42 St. N.Y.’ (lch 7). Amhráin agus filíocht ón *Irish American* (11 Feabhra, 18 Márta, 5 Lúnasa 1893).
18. Feiritéar 18: Filíocht agus scéalta Sean-Ghaeilge. Scríobhaí: *P. Ferritéar / Patraic Ferritéar*, ‘May 2nd. 1904 New York’ (lch 18), ‘May 3rd 1904.’ (lch 25), ‘an 21.7.1905 i lebharlann Astoir i n-Ebhrach Nua’ (lch [130]); ‘Dia h-Aoine an 27.7.1905’ (lch [138]). Sleachta ó ábhar clóite ina measc: Charles O’Conor (eag.), *Rerum Hibernicarum scriptores veteres I–IV* (1814–26); *Revue Celtique* 23 (1902); *Zeitschrift für Celtische Philologie* 3–4 (1901, 1903).

19. Feiritéar 19: Bailte fearainn in Iarthar Duibhneach. Scríobhaí: *Pádraig Feiritéar* (ar a láimh); dátaí ‘30.7.92’, ‘15.12.92’, ‘16.12.92’ (ar leathanach gan uimhriú).
20. Feiritéar 20: Filíocht; laoithe fiannaíochta. Scríobhaí: *Peadar O Gealacan / Peter Gallegan / P. G.*, 1850–51, ‘a mbaile mhic chátbnaoín, a bpurraiste Mhagh-analta. 7 a mbarúnacht íochtrach Cheanainnis, a cconntae na Midh’ (lch 159), do J. T. Rowland, dlíodóir i nDroichead Átha.
21. Feiritéar 21: Scéalta; filíocht. Scríobhaithe: (1) *Emon do Buarcc / Eamón dé Búarcc / Eamon de Buadhrc*, 1802–3, ‘sealbhudoir an leábhair seódh’ (lch 125); (2) *Tomás Ó Tuama*, 1802 (lch 128); (3) *Seamas Mac Suibhne*, ‘a cCorcaidh’ (lch 200), 1817.⁶³
22. Feiritéar 22: Filíocht; ábhar as *Leabhar Leasa Móir*. Scríobhaí: *Uilliam Ó hOga(i)n*, 1823–36, ‘an Innis Cuillin⁶⁴ do chuim fein agus a chuideachtin’ (lch 124), ‘do chum a usaide féin agus a charrad a ccorcach mhór Mumhan’ (lch 312). ‘Patraic Ferritéar 23/11/1919’ (ar bhileog cheangail chúil); ‘Thomas Fitz Gerald’s Book Cairo, Illinois. Presented to him by John Howley’ (ar bhileog cheangail chúil); ‘Bheirim iasacht an leabhair seo do’n t-Saoi ónórach, léigheanta, Caipitín T. D. Norradh. Le urmheas mór M. Ua Lócháin’, dar dáta ‘Lúnasa 1890’, agus an seoladh ‘The Gael. 814 Pacific Street. Brooklyn, N. Y.’ (ar dhuillín greamaithe den mbileoig cheangail chúil).
23. Feiritéar 23: Scéalta; filíocht. Scríobhaí: *Seagan Ó Caoim(h)*, ‘Februry [sic] the 9th 1844’ (lch 46). Dátaí eile: ‘an 5 [lá cealaithe] bhu lá [don cealaithe] fitead don mí Fabhra; an aois an tighearna Mille ocht ccead 7 [cheithr cealaithe] chuig bhliadhna 7 da fhithchid’ (lch 235); ‘An 27 lá don miosa December san mbliadhain d’aois chríost 1846’ (lch 310). Síniú ‘Thomas .D. Norris’ (ar leathanach gan uimhriú).
24. Feiritéar 24: *Agallamh na bhFíoraon*; seanmóintí; filíocht. Scríobhaí: *Michael o Corcorann*, ‘a Gartagoulane⁶⁵ an 13 lá don mhí July san mbliagáin D’aois ár Slánaighthóra Iosa Críost M.DCCCXXVIII’ (lch 206). Gearrchuntas ag ‘Pádraig Ferritéar 201 E 42 St. New York.’ (lch 362) ag míniú conas mar a d’éirigh leis an lámhscríbhinn seo chomh maith le huimhreacha 20, 21, 23 thuas agus 29 thíos a cheannach.⁶⁶
25. Feiritéar 25: Scéalta; filíocht; *Eochairsgiath an Aifrinn*. Scríobhaí: *Uilliam dl [= Ó] hAedha*, 2–7 Feabhra 1816, ‘chum úsaide Dháibhi Í Mhaghama hna .i. sagart caoinfheasach caoinbhriathrach deagheolach deaghshamplach deaghbheasach’ (lch 111). Beagán breactha ag *Seághan O’Dálaigh* (1866), *Daniel McCabe* (1868, 1870) agus *Séamus Ó Glíosaín*, ‘Lomm na neach [Co. Luimnigh]’ (lch 173).

⁶³ ‘171817’ atá sa lámhscríbhinn (lch 198), ach 1817, ní foláir, an ceart; cf. dátaí na lámhscríbhinne seo dar leis an bhFeiritéarach féin ag n. 38 thuas.

⁶⁴ Ball i mbaile fearainn Chnoc an Chuilinn ar thaobh thuaidh abha na Laoi i gcathair Chorcaí; cf. Bláthnaid Uí Chatháin, *Éigse Chairbre: filíocht ó Chairbreacha i gCo. Chorcaí agus ón gceantar máguaird* (Baile Átha Cliath 2006) 500.

⁶⁵ i.e. Gort an Ghabhláin, baile fearainn ceithre mhíle slí ó dheas ó chathair Chorcaí.

⁶⁶ Feic n. 38 thuas.

26. Feiritéar 26: *Párliaimint na mBan*; barántas. Scríobhaí: *Donocha Mhurchoideach ua Sgannuill*, ‘chuin Usáide gach Criostuidhe ionnar mheoin leis anam do shábháil’ (ar leathanach gan uimhriú); gan dáta scríofa. Cuid de *Párliaimint na mBan* anseo i gcló in *An Gaodhal* (1899–1902).⁶⁷
27. Feiritéar 27: Ábhar cráifeach; filíocht. Scríobhaithe: (1) *Thomas FitzGerald Blackfields*, ‘February th[e] 2 the year of our Lord 1849 Anno Domino [*sic*]’ (lch 18); (2) *Thomas ach Muireadhthirta / Thomas Moriarty / Tomas ach Muireathuirta*, ‘on mBaile Uachtarac. Ansa mbleighinn Daois an Tighearna hocht cead deadhg [an chuid eile bán]’ (lch 34). Beagán breactha ag *James FitzGerald* (lch 21).
28. Feiritéar 28: Filíocht chráifeach. Scríobhaí: gan ainm; gan dáta scríofa.
29. Feiritéar 29: *An Teanga Bhithnuadh* (athleagan 3); filíocht; scéalta. Scríobhaí: *Eón / Seán ua Dreada*, ‘Snoigheadóir cloiche a ccorcaidh mór Múmhan do’n Athair Dómhnall ua Súilliobháin 1832’ (leathanach teidil). Chuir *Tomás D. de Norradh*, ‘Ó bhaile Chille Áirne a g-Ciarrúidhe’ (ar leathanach gan uimhriú), clabhsúr ar *An Teanga Bhithnuadh*.⁶⁸ Nóta: ‘Do cheannaigheas an leabhar so i [bhFoghmhar *cealaithe*] meithiomh na bliadhna 1913 ó Anna Ní Shúilleabháin, is í sin bean an Chaptaein Tomais Dháibhidh du Nórraigh. A Thighearna déan trócaire ortha agus orainn ar fad. Amen. Mise Patraic Ferritéar’ (lch 541). An t-eolas breise seo ar dhála na lámhscríbhinne sula bhfuair an Feiritéarach í: ‘Thomas D. Norris’ Book, purchased from Mr. David O Keeffe of Brooklyn Long Island New York June 1890’ (bileog cheangail thosaigh). Is uirthi seo agus ar fhoinsé eile, ar iasacht ó Chathal Ó Fearghail ‘ó Bhasún’, a bhunaigh de Norradh a théacs *Cath Fionntrágha*, 1890–94, in G 341 sa Leabharlann Náisiúnta.⁶⁹
30. Feiritéar 30: Teagasc Críostaí. Scríobhaí: *Joseph Read / Josephés Rhaoid / J. Rd.*, ‘Tarmon January 22nd. In the year of our Lord God One Thousand Eight Hundred and Fifteen. 1815. Faoí am laibh sgríobhtha an 22nd, don mhiosa Jany Aois an Tighearna 1815’ (lch 248). Ar bhileog cheangail thosaigh greamaithe laistigh de chlúdach na lámhscríbhinne (i) nóta ón scríobhaí: ‘Tarmon January 1st 1816. Joseph Read. Transcribed by me J. Rd. From an Anticient [*sic*] Christian Doctrine. In the year of Our Lord God One Thousand Eight Hundred & fifteen’; (ii) dhá nóta ó láimh eile: ‘A gift from the hands of His Grace Archbishop Connolly, in the south library of St Mary’s glebe house, Halifax N.S. in the year 1870, to William D. O’Brien’, ‘Tarmen or Tarmenbarry is a village in the Co. Roscommon in Connaught on the Shannon —’. Nóta ón scríobhaí laistigh den chlúdach cúil: ‘Arived at Miramichi on Sunday June 21st [an bhliain doiléir]’; féna bhun ‘Miramichi is in New Brunswick Canada 7 is áit fhiadháin í’ (ó láimh Eibhlín Ní Ógáin, de dhealramh).

⁶⁷ Brian Ó Cuív (eag.), *Párliaimint na mBan* (Baile Átha Cliath 1952) xvi–xvii.

⁶⁸ Georges Dottin (eag.), ‘Une rédaction moderne du *Teanga Bithnua*’, *Revue Celtique* 28 (1907) 277–307: 304 §21 líne 6–306 §22.

⁶⁹ Feic n. 19 thuas.

31. Feiritéar 31: *Cath Fionntrágha*. Scríobhaí: *Tomas Ó Gruimtuin*, ‘an tochtugh la deug don Moís [7 do *cealaithe*] *July* agus daois an Tigarna san mbliadhain 1845’ (lch 99).
32. Feiritéar 32: Laoithe fiannaíochta. Scríobhaí: *Tomas ach Muireathuirta / Thos. Moriarty*, ‘ó Bhaile N’firtéirig an sa mbleighinn Daois an Tighearna 1856’ (lch 248), idir ‘January 15 1856’ (lch 1) agus ‘February 1st 1856’ (lch 248).
33. Feiritéar 33: Amhráin; filíocht. Scríobhaí: *Dáibhidh O’ Caoimh / Dáthidh O Caeimh / Dathi O Caeimh*, ‘san m’blíaghain Daois ar TTighearna 1858’ (lch 48), ‘san m’liaghain 1860’ (lch 75) agus in ‘1862’ (lch 216).
34. Feiritéar 34: *Eachtra an Mhadra Mhaoil* (neamhiomlán). Scríobhaí: *Tomás ua Griomhta*, ‘Cathair Luibhrais a Stát Mhas.’, 1889, ó lámhscríbhinn a bhreac Aodh Ó Crónaoin (lch 16).
35. Feiritéar 35: Liosta dánta. Scríobhaí: *Pádraig Feiritéar* (ar a láimh); gan dáta scríofa. Clár dá bhfuil i Feiritéar 33 (lgh 78–235).
36. Feiritéar 36: *An Teanga Bhithnuadh* (athleagan 3, aiceifileach⁷⁰). Scríobhaí: *Tomas mac Muircheartadh*, ‘an seachtmadh lá deag do *June* an sa mbliadhain daois an Tighearna 1857’ (lch 24). Beagán breactha ag *Pádraig Feiritéar* (ar a láimh), gan dáta scríofa, i.e. téacs neamhiomlán den dán dar tús *Dia do chruthaigh grianbhrugh nimhe* (lgh 26–7) agus blúire dar teideal *Bealltuine* (lch 32).
37. Feiritéar 37: Filíocht. Scríobhaí: *Seaghan neambrocódoch mac Seaghan úa Cealleacuir*, ‘úa Cillairne’ (lch 20), ‘san mbliadhain daois ár ttighearna 1831’ (lch 22). Beagán breactha ag *Seaghan ua Rathaille*, 1838 (lch 28). Nóta: ‘Fuaireas an leabhairín seo ó Thomás Ó Ceileachair Bhéil-átha-sruthar Ghleanna Fleisce an 28.9.1902 Pádraig Feiritéar’ (lch 27).
38. Feiritéar 38: Filíocht. Scríobhaí: gan ainm, ‘Míodhsa ginnbhar ceannbharr nó geannar an seachtmhudh lá deag 1862’ (lch 12).
39. Feiritéar 39: Seanráite; *Trí Biorghaoithe an Bháis* (blogh); *Chronicum Scotorum* (blogh). Scríobhaí: *P. Ferritéar*, ‘an 20 de 4. 1918.’ (lch 34). Dátaí eile *passim* ina measc: ‘2.12.16.’ (lch 19), ‘an 7 de 12, 1917’ (lch 32), ‘10.8.1919.’ (lch 48), ‘17.8.1921.’ (lch 75), ‘23.9.1922.’ (lch 169).

MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

⁷⁰ Dottin, ‘Une rédaction moderne du *Teanga Bithnua*’, 280 §1–288 §10 líne 4 (lár) atá ar iarraidh anseo.